



PLEAN CORPARÁIDEACH 2016-2020





Clár na nÁbhar



Brollach	1
Réamhrá	3
Fís/Misean & Bunluachanna	6
 ANAILÍS EACHTRACH	 8
 ARDCHUSPÓIR 1 - ÉISC	 12
- Cosaint	13
- Caomhnú	13
- Cumasóirí & Rioscaí	13
 ARDCHUSPÓIR 2 - GNÁTHÓGA	 18
- Caighdeán Uisce	19
- Gnáthóg Fisiceach	19
- Cumasóirí & Rioscaí	19
 ARDCHUSPÓIR 3 - GEALLSEALBHÓIRÍ	 24
- Forbairt Slatiascaireachta	25
- Cumarsáid	25
- Cumasóirí & Rioscaí	25
 ARDCHUSPÓIR 4 - ÁR nDAOINE	 28
- Ár nDaoine	28
- Ár gCórais	29
- Cumasóirí & Rioscaí	29
 ARDCHUSPÓIR 5 - BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH	 34
- Cumasóirí & Rioscaí	34



Brollach

Is mór an onóir é Plean Corparáideach Iascach Intíre Éireann (IIÉ) do na blianta 2016 go 2020 a chur i láthair. Leagan an plean seo amach príomhthosaíochtaí na heagraíochta do na cúig bliana atá romhainn agus, níos tábhachtaí fós, cuirtear ar fáil eochairtháscairí feidhmíochta a chabhraíonn le dul chun cinn a thomhas agus torthaí a shainaithint. Is ionann pleanáil straitéiseach agus an dóigh a rachaidh eagraíocht ón bpointe 'A' go dtí an pointe 'B' a shainaithint; agus, chomh tábhachtach féin, na hachmhainní atá riachtanach an sprioc seo a bhaint amach. Ullmhaíodh an plean seo faoin mbonn tuisceana bunúsach nach mbeadh aon mhóráthrú sa gheilleagar agus nach ndéanfaí aon laghdú suntasach ar líon na foirne nó ar bhuiséad oibriúcháin na heagraíochta. Creidim, mar Chathaoirleach, go bhfuil an plean réalaíoch agus gur féidir na spriocanna ann a bhaint amach.

Le déanaí, tá béim níos mó curtha ar riosca ghnó agus go háirithe ar shainaithint, mheasúnú agus mhaolú riosca. Ag léiriú an bhéim seo, rinneadh na príomhrioscaí straitéiseacha a d'fhéadfadh cosc a chur ar chomhlíonadh na mbeart atá sa phlean a shainaithint. Tá sé soiléir go bhfuil go leor rioscaí ag gach leibhéal tríd an ngnó ar fad a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chomhlíonadh aon sprioc ar leith. É sin ráite, sainaitníonn an plean seo na cinn a mheasann IIÉ a bheith ina bpríomhrioscaí. Mar aon leis an bhéim níos treise a chuirtear ar riosca, tá béim shuntasach curtha ar rialú laistigh den earnáil phoiblí go ginearálta le roinnt blianta anuas. Tá dintíúirí maithe ag an earnáil Ghníomhachta Stáit maidir le comhréireacht, sé sin cur i bhfeidhm na rialacha agus na nósanna imeachta. Caithfidh muid ár bhfeidhmíocht ghinearálta a fheabhsú, áfach; agus a bheith freagrach don saoránach as an airgead a fhaigheann muid agus as na torthaí inláimhsithe a bhaineann muid amach. Chun é seo a léiriú, agus chun dea-chleachtas sa Phlean Corparáideach a ghlacadh freisin, rinneadh cód freagrachta le haghaidh gach beart a leagan síos. Cé go bhféadfadh go mbeadh daoine ar fud na heagraíochta freagrach as comhlíonadh ghnéithe áirithe den phlean, rinneadh na daoine a bhfuil freagrach as aon ghné ar leith den phlean a shainaithint go soiléir.

Ó thaobh obair ghinearálta IIÉ de, ní athróidh sé seo mórán ó bhliain go bliain, ós rud é go bhfuil na príomhfheagrachtaí céanna ag an ngníomhaireacht mar a leagtar amach iad sa reacht. Sainaitníonn Alt 7(1) den Acht um Iascach Intíre 2010 príomhfheidhmeanna IIÉ mar chosaint, bhainistiú agus chaomhnú na hacmhainne iascaigh intíre. Dealáíonn an plean rólanna an IIÉ i gcúig réimse ar leith: Éisc, Gnáthóg, Geallsealbhóirí, Ár nDaoine agus Bainistiócht Chorporáideach. Leagan an plean amach go soiléir cad é a chomhlíonfaidh an eagraíocht i ngach ceann de na réimsí seo sa tréimhse cúig bliana atá romhainn, agus conas a dhéanfar an dul chun cinn sin a thomhas..



Baineann an ghné Éisc den phlean seo le béim a chur ar chosaint agus chaomhnú speiceas éisc fhionnuisce. Is éard atá i gceist anseo ná a chinntiú go bhfuil an tseirbhís cosanta is nua-aimseartha againn a bhaineann úsáid as teicneolaíocht na linne seo ar an dóigh is éifeachtaí a bhfuil ann chun an acmhainn a chosaint. Go bhfuil rochtain ag IIÉ ar na sonraí eolaíochta is fearr a bhfuil ann nuair atá cinnithe bainistíochta á thógáil aige nó comhairle á thabhairt aige. Cuireann an phlean seo béim i bhfad níos treise ar ghnáthógaí éisc agus a bhforbairt - gan fhorbairt chuí ar ghnáthógaí, ní bheidh rath ar phobail éisc. Déanfaidh IIÉ an ghné seo den Phlean Corparáideach a chur chun cinn trí chur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta um Fhorbairt Shlatiascaireachta (NSAD), straitéis a leagan amach go soiléir conas ghnáthóga agus infreastruchtúr iascaigh a fheabhsú sna cúig bliana atá romhainn. An toradh a bheidh ag cur i bhfeidhm an NSAD ná líon na hiascairí áineasa ón tír seo agus ó thíortha eile a mhéadú, rud a rachaidh chun sochair eacnamaíochta na bpobal tuaithe, áit a dtarlaíonn formhór na slatiascaireachta. Is bunsprioc inghnóthaithe sa phlean seo cumarsáid le geallsealbhóirí a chur chun cinn agus béim a chur ar ról an IFI sa tsochaí go ginearálta; mar aon le hobair i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí slatiascaireachta chun rialú na hearnála a fheabhsú. Is iad foireann IIÉ a chomhlíonfaidh na bearta ar fad a shainaithnítear sa phlean seo. Is grúpa daoine dílis, acmhainneach agus éifeachtúil iad, a thaispeáin le cúig bliana anuas go bhfuil siad sásta cleachtais oibre agus nósanna imeachta nua a ghlacadh chucu féin, agus glacadh, le dea-thoil, le timpeallacht eachtrach atá de shíor ag athrú. Aithníonn an phlean seo nach féidir leis an bhfoireann na bearta seo a chomhlíonadh mura ndéantar infheistíocht chuí. Cuireadh san áireamh sa phlean an cuspóir Bhainistíochta Corparáideach atá an-chosúil le cuspóirí ár Máthair-Roinn, An Roinn Cumarsáide, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE). Leagan an cuspóir seo amach an creat ina ndéanfar ár n-obair a chomhlíonadh, ag cur san áireamh riachtanais airgeadais agus rialachais údaráis phoiblí. Mar Chathaoirleach, tá mé tógtha faoin bplean seo agus tá mé ag tnúth le hobair i ndlúthchomhair leis na geallsealbhóirí sna cúig bliana atá romhainn chun spriocanna an phlean a bhaint amach.

Fintan Gorman
Cathaoirleach Iascaigh Intíre Éireann



Réamhrá

Tá lúcháir orm dara phlean corparáideach iascaigh Intíre Éireann, don tréimhse 2016 – 2020, a chur i láthair. Is tréimhse spreagúil í seo don ghníomhaireacht, ós rud é go bhfuil fás seasmhach ann agus gur féidir linn teacht i dtír ar an rath a bhí orainn le cúig bliana anuas. Cé gur bunaíodh IIÉ ag an am céanna a bhuail an cúlú eacnamaíochta is measa a bhí ann riamh sa stát, agus go raibh drochthionchar aige seo ar acmhainní na gníomhaireachta, rinneadh go leor dul chun cinn i rith na tréimhse sin. Tá breis agus €5 mhilliún caite ag IIÉ ar fhorbairt iascaireachta le cúig bliana anuas ar thograí a tugadh fúthu go díreach mar aon le deontais a bronnadh tríd an gCiste Caomhantais Bradán agus Chiste Iascaigh Lár na Tíre. Cé go bhfuil sé seo suntasach, tá gá le hinfheistíocht níos inbhuanaithe agus níos leanúnaí. Thar an tréimhse seo, thug IIÉ maoiniú breise do chlubanna slatiascaireachta agus do chónaidhmeanna trí dheontais fhorbartha agus urraíocht a chur ar fáil. Freisin, bhí baint díreach ag IIÉ le hurraíocht roinnt chomórtas idirnáisiúnta slatiascaireachta. Mar thoradh ar an suirbhé a rinneadh ar slatiascaireacht áineasa in Éirinn i 2012, tá tuiscint ghlinn ag IIÉ ar luach ginearálta na hacmhainne slatiascaireachta sa tír agus ar an tairbhe a bhaineann pobail thuaithe aisti. Tá lán-tairbhe bainte ag IIÉ as an eolas seo chun acmhainn slatiascaireachta na tíre a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tháinig borradh ar mhéid na slatiascairí le linn na tréimhse seo, ó 406,000 i 2012 go 446,000 i 2014 (ag cur san áireamh turasóirí agus slatiascairí ó Thuaisceart Éireann). Ag an am céanna, tá IIÉ ag cosaint na hacmhainne níos mó ná a bhí riamh. Urghabhadh timpeall 23 km d'eangacha neamhdhleathacha idir 2012 agus 2014, agus de bharr na hathruithe atá tagtha ar iascaigh thráchtála bhradáin agus eascainne, urghabhtar méid níos mó eangacha beaga ná mar a gabhadh roimhe seo.

Rinne an IIÉ athruithe shuntasacha agus ghlac sé cleachtais oibre agus teicneolaíochtaí chuige féin chun an laghdú i méid an fhoireann a tharla le cúig bliana anuas a mhaolú. Mar sin, go rialta, úsáideann an fhoireann cadhcanna, feithiclí ilraoin (ATVanna), cuadrothair, agus rothair ar an mbealach go dtí láthair an phatróil iascaigh, agus nuair a bhíonn siad ar an láthair, úsáidtear go rialta trealamh ar nós scóip, treoir oíche, trealamh íomháiithe theirmigh, agus aipeanna fóin chliste chun cabhair a thabhairt dóibh a chuid oibre a dhéanamh. Tá infheistíocht déanta ag IIÉ freisin ina fhliú; chun cosaint iascaigh agus seirbhís forbartha éifeachtach a chinntiú, ní mór don fhoireann a bheith in ann bealach isteach sábháilte a fháil go háiteanna a bhfuil sé deacair fáil isteach chucu. Is furasta foireann IIÉ a aithint freisin ónár ghlacadh le polasaí éadaí oibre chaighdeánach i 2012. Tháinig feabhas mór ar chaighdeán gairmiúlachta fhoireann IIÉ le linn an phlean deiridh. Mar aon leis na hathruithe a tharla do mhéid na foirne, ghearr IIÉ siar ar a phunann réadmhaoine agus is luath go mbeidh níos lú suíomhanna i bhfeidhm aige, agus go mbeidh na suíomhanna seo níos éifeachtúla.

Is í aidhm an plean seo ná bunspríocanna inghnóthaithe na heagraíochta i rith na cúig bliana atá romhainn a leagan amach. Cé go gcuirfear béim i gcónaí ar chaomhnú agus chosaint na hacmhainne iascaigh intíre agus slatiascaireachta, athrófar na modheolaíochtaí a úsáidtear chun ár spriocanna a bhaint amach. Is sa chomhthéacs seo gur mhaith liom cúpla focal a rá faoin bhfís atá againn do thodhchaí rathúil na heagraíochta. Is iontach an dul chun cinn atá déanta ag IIÉ ónár bunaíodh é, ach beidh an todhchaí níos nuálaí fós romhainn; tríd leas níos fearr a bhaint as TFC, beidh muid in ann éifeachtacht na heagraíochta a fheabhsú chun eolas agus toradh níos deise a chur ar fáil don chustaiméir. Cibé an é atá i gceist iarratas ar dheontas a chomhlíonadh go hiomlán ar líne nó córais bhainistíochta eolais níos fearr a úsáid chun cosaint na hacmhainne níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a bhaint amach.

Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



Díreoidh IIÉ isteach ar phróisis a athchóiriú agus a chaighdeánú chun éifeachta, agus a mhéid is féidir, na próisis sin a dhigitiú chun go mbeadh rochtain níos fusa ag an bhfoireann agus na geallsealbhóirí orthu. Chun é seo a chomhlíonadh, beidh infheistíocht shuntasach sa réimse teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) ag teastáil le linn an phlean.

Tá athruithe móra ag tarlú i réimse na slatiascaireachta, agus tá gá le hinfheistíocht airgeadais shuntasach chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an acmhainn. Déanfaidh IIÉ na bealaí inar féidir an infheistíocht seo a dhéanamh a shainaithint chun an fáltas ar infheistíocht is fearr a ghnóthú. Má dhéantar na hinfheistíochtaí cuí, níl aon amhras ann go bhféadfaí an t-uasmhéid céanna slatiascairí, 173,000, a mhealladh go hÉireann agus a tháinig ag deireadh na 1990í (i ndiaidh an Chláir um Bheart Thurasóireachta Shlatiascaireachta (TAM). Beidh rathúlacht na hinfheistíochtaí seo ag brath freisin ar chumarsáid a fheabhsú laistigh agus taobh amuigh den eagraíocht. Díreoidh IIÉ isteach ar feabhas a chur ar ár dtuiscint de riachtanais eolais dhaoine aonair agus ghrúpaí ar mhaithe leis na riachtanais seo a chomhlíonadh trínár straitéisí cumarsáide inmheánacha agus eachtracha. Beidh gá mar sin tuilleadh infheistíochta a dhéanamh sa réimse seo. Is cuid lárnach de ról IIÉ í an fhorbairt, anois agus sa todhchaí. An rud a athróidh sna cúig bliana atá romhainn ná an bealach a chomhlíonfar an ról sin. Trí phróisis forbartha a athchóiriú chun éifeachta agus trí húsáid soláthraí seirbhíse eachtracha le haghaidh chonarthaí mórscála, beidh cur chuige atá níos gnó-lárnaí ag IIÉ maidir le hoibrithe forbartha. Feabhsóidh IIÉ feidhmíocht na heagraíochta trí bhéim a chur ar na croíchúraimí arna sainaithint ag an mBord i gcónaí agus trí tharraingt amach as cúraimí nach croíchúraimí iad. Feabhsóidh an IIÉ an fheidhmíocht freisin trí oiliúint riachtanach a thabhairt don fhoireann, trí chumarsáid inmheánach a fheabhsú agus trí chultúr na heagraíochta ó thaobh eagair de a athrú. Na hathruithe agus na forbairtí a chomhlíonfar le linn an phlean seo, déanfar iad faoi chuimsiú riachtanais rialachais na ngníomhaireachtaí Stáit arna shainaithint faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus bundoiciméid eile, mar shampla an Straitéis TFC na hEarnála Poiblí.

Táim ag tnúth go mór le hobair le foireann IIÉ, leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCA), agus leis an Aire agus le Bord IIÉ chun an sanordú dúshlánach seo a chomhlíonadh agus chun a chinntiú go mbeidh dóigh níos fearr ar an acmhainn iascaireachta faoi dheireadh an phlean seo.



An Dr Ciarán Byrne
Príomhfheidhmeannach



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



Ís í ár bhFís:

Acmhainn iascaigh intíre inrochtana agus inbhuanaithe, den chéad scoth, a chur ar fáil do gach duine

Is é ár Misean:

Cinntiú go ndéantar acmhainn nádúrtha na n-Iascach Intíre agus na Slatiascaireachta Farraige a chosaint, a chaomhnú, a bhainistiú, a fhorbairt agus a chur chun cinn chun go mbeidh deis acu a mianach iomlán a fhorbairt

Is iad seo ár mBunluachanna;

Daoine, Dínit, Ardchaighdeán, Meas, Gairmiúlacht,
Cumarsáid, Maoirseacht



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn

Anailís Eachtrach



Tá cúrsaí maicreacnamaíocha in Éirinn feabhsaithe go mór le blianta beaga anuas; tá an geilleagar ag fás arís agus tá feabhas leanúnach ar an airgeadas poiblí. Tá táscairí maicreacnamaíocha eile ag taispeáint go bhféadfadh go mbeadh deireadh go luath leis an gcúlú eacnamaíochta atá ann faoi láthair le laghdú ar líon na ndaoine dífhostaithe agus réimse eile innéacsanna a léiríonn go bhfuil muintinn ag daoine arís i ngeilleagar na hÉireann.

Ó thaobh Ghníomhaireachta Stáit de, tharla athruithe suntasacha thar saol an phlean corparáideach deireanach, athruithe a bheidh tionchar domhain agus buan acu ar an bplean seo agus ar aon phlean eile a tharraingeoidh IIÉ suas amach anseo. Ní raibh an earnáil phoiblí in Éirinn chomh héifeachtúil, chomh cuntasach nó chomh freagrúil agus atá sé inniu, agus ní raibh an oiread sin dúshlán os a comhair riamh.

Is é an príomhdhúshlán atá os comhair lascaigh Intíre Éireann (IIÉ) sna cúig bliana atá romhainn ná conas dul chun cinn a dhéanamh i dtimpeallacht atá athruithe go mór. Cinntiú go gcuirtear béim níos treise ar thorthaí a fháil don chustaiméir, agus éifeachtúlacht, trédhearcacht, oscailteacht agus cuntasacht a fheabhsú, rudaí a sainithníodh mar phríomhchuspóirí sa Phlean um Athchóiriú na hEarnála Poiblí (2014 – 2016).

Ag breathnú ar chúrsaí le dearcadh ginearálta, tá athrú mór tagtha ar shochaí na hÉireann. Tá níos mó daoine a bhfuil oideachas acu anois ná mar a raibh riamh roimhe seo. Tá cur amach níos fearr ag daoine ar an timpeallacht ina bhfuil siad ina gcónaí. Tá muid ag maireachtáil in aois faisnéise ina bhfuil athrú réabhlóideach tagtha ar ghréasáin agus ar an dóigh ina dhéantar gnó.

Níl aon mhaith ann anois cur chuige ghnó ar an tseandóigh a bheith ann maidir le príomhthascanna agus príomhchuspóirí ár n-eagraíocht. Caithfidh IIÉ bealaí níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí fós a lorg chun seirbhísí poiblí a chomhlíonadh agus a bheith in ann tuairisc oscailte agus inrochtana a thabhairt ar na torthaí a fhaightear.

Is sa chomhthéacs seo ar forbraíodh Plean Corparáideach IFI 2016 – 2020. Tá a mhachnamh déanta ag an IIÉ ar straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí a leagan amach treoir do ghníomhaireachtaí chun go mbeidh siad in ann torthaí níos fearr a fháil agus a n-éifeachtúlacht a fheabhsú ag baint úsáide as TFC. Tá na treoirlínte le haghaidh an Ghníomhaireachtaí Stáit curtha san áireamh acu mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialú Údaráis Stáit. Tá treoir tugtha ag an Roinn um Chaiteachas Poiblí agus Athchóiriú, sa Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 2014 - 2016, maidir leis an dóigh ina bheidh athchóiriú ár seirbhísí poiblí mar phríomhchuid den fhreagra straitéiseach atá ar na dúshláin eacnamaíochta atá ag dul ar aghaidh i gcónaí. Ó thaobh trédhearcachta agus cuntasachta de, tá feabhas suntasach déanta againn ar reachtaíocht Saoráil Faisnéise (FOI), reachtaíocht Chosanta Sonraí nua, reachtaíocht Chosanta i gcoinne Nochtá, agus ónár bunaíodh IIÉ tá sé faoi chúram an Ombudsman. Is é cuspóir na nithe seo ar fad ná cuntasacht agus trédhearcacht na hearnála poiblí a fheabhsú chun go mbeadh níos mó iontaobh ag an saoránach as a seirbhísí poiblí.



Anailís Eachtrach

Ó thaobh an chomhshaoil de, tá an domhain ag athrú freisin. Tá an t-athrú aeráide le brath níos mó agus níos mó, agus tá teagmhais aimsire crua níos fairsinge ná riamh, teagmhais a bhfuil tionchar crua orthu ar phobail dhaonna agus éisc araon. Léiríonn fáistíní athraithe aeráide d'Éireann go bhfuil muid ag dul i dtreo geimhridh níos boga agus níos fliche agus samhraidh níos teo agus níos tirime (EPA - Fáistíní Shamhaltú Aeráide d'Éirinn, 2006), rudaí a bhfuil tionchar díreach acu ar ghnáthóga agus pobail éisc. Chomh maith leis sin, léiríonn déimeagrafach sochaí na hÉireann go bhfuil an fás sa daonra míchothrom ar fud na tíre, agus go bhfuiltear ag súil leis go mbeidh fás níos mó i ndaonra oirthir na tíre ná sna réigiúin eile. Cruthaíonn an t-athrú seo éileamh níos mó ar achmhainní uisce agus ar infreastruchtúr in oirthear na tíre, agus táthar ag súil leis nach mbeidh laghdú ar an éileamh seo amach anseo. Caithfidh IIÉ súil a choinneáil ar phleananna agus athruithe polasaí in earnálacha eile freisin, an Scéim Food Harvest 2020, mar shampla, agus an Plean Straitéiseach um Fhorbairt Inbhuanaithe Dhobharshaothraithe, agus machnamh a dhéanamh ar chonas a d'fhéadfadh siad seo dul i bhfeidhm ar acmhainní iascaigh.

Tá spriocanna comhshaoil suntasacha le comhlíonadh freisin ag an tír ar fad faoi réimse chomhghnás idirnáisiúnta agus reachtaíochta ar nós an Treoir Réime Uisce (WFD), an Treoir um Ghnáthóga, an Choinbhinsiún um Bhithéagsúlacht (CBD) agus Straitéis Aeráide 2020, atá ceangailteach. Tá impleachtaí acu seo ar fad don timpeallacht agus conas a bhainistíodh muid í.

Tá athrú mór tagtha ar earnálacha na hiascaigh intíre agus na slatiascaireachta farraige, agus leanfaidh siad orthu ag athrú ar scála nár feiceadh riamh. Is é an t-athrú san aeráid a spreagfaidh cuid den athrú seo; meallfaidh na huiscí níos teo réimse speicis choimhthíocha ionracha, cuid acu a thiocfaidh go hÉireann trí thaisme agus cuid eile a thabharfar isteach d'aon ghnó. Tá an cumas ag Speicis Ionracha Uisce an t-athrú suntasach a dhéanamh ar an timpeallacht sa ghearr- agus sa mheán-téarma. Ach go dtí seo níl freagra polasaí soiléir ag Éirinn i leith na bagartha seo. Mura gcuirtear na rialuithe agus rialúcháin teorann cuí i bhfeidhm, cabhróidh an borradh atá ar luaineacht agus thurasóireacht leis an ráta ag a dtugtar na Speicis Ionracha Uisce isteach sa tír a luathú.

Tá stocanna éisc athruithe freisin. Tá meath tagtha ar phobail bhradáin fhiáin agus in áiteanna áirithe tá pobail bhric faoi bhagairt. Tá athruithe tagtha ar struchtúir agus flúirsí san earnáil garbhiascaireachta. I go leor cásanna, níor athraigh leitheadúlacht speicis ar chor ar bith, cé gur athraigh flúirsí coibhneasta. Ó thaobh na slatiascaireachta de, tá méadú tagtha ar thaifeadadh speiceas teo-uisce amach ó chladaí Éireannacha, feiniméan a d'fhéadfadh baint a bheith aige le teochtaí mara níos airde.



Beidh tionchar ag na geallshealbhóirí ar chuid de na hathruithe a tharlóidh san earnáil seo. Cé go raibh an ráta breithe níos airde in Éirinn ná i gceachtar de na 27 tíortha san AE i 2012 (ESRI, Tuarascáil ar Staidrimh Imbhreithe), tá próifíl aoise slatiascairí ag ardú agus, de bharr go bhfuil cathracha ag fás, tá níos lú daoine óga ag cleachtadh ghníomhaíochtaí traidisiúnta faoin tuath. Ní mór aghaidh a thabhairt ar an athrú seo chun go leanfaidh spórt na slatiascaireachta air ag fás. Ó thaobh na slatiascaire de, tá Éire in iomaíocht ar an ardán domhanda, agus ní mór go mbeadh an tairiscint agus a gné uathúil dhíolacháin díreach ceart chun go mbeidh seans aici dul in iomaíocht le tíortha eile ar nós SAM, Ceanada, an Iorua, an Rúis agus leis na tíortha Eorpacha eile atá 'in aice láimhe'. Gan dearmad a dhéanamh de seo, ceann de na dúshláin is mó atá os comhair IIÉ sna cúig bliana atá romhainn ná conas borradh nua a chur faoin earnáil. Tá luach €836 milliún don gheilleagar ag an tionscadal slatiascaireachta agus cothaíonn sé os cionn 11,000 post. An dúshlán atá romhainn ná poitéinseal na hacmhainne a chur chun cinn agus, ag an am céanna, a chinntiú go mbeidh riocht níos fearr ar earnálacha na hiascaigh intíre agus na slatiascaireachta farraige ná mar a bhí roimhe seo, de thoradh na maoirseachta comhshaoil a rinne muid orthu.

Is deis iontach é seo d'IIÉ mar, don chéad uair ónar bunaíodh an ghníomhaireacht, is féidir leis leanacht ar aghaidh le fios go bhfuil cúrsaí dearfach go ginearálta. Tá tuiscint anois ag IIÉ ar leithdháileadh na foirne amach anseo, agus cuirfear faoi bhráid na heagraíochta í. Níl an scéal maidir le hacmhainní airgeadais chomh soiléir, áfach. Leithdháilfear na hacmhainní sna réimsí tábhachta a chuirtear san ord tosaíochta sa phlean, agus déanfar na hacmhainní atá á chaitheamh faoi láthair ar réimsí nach bhfuil chomh tábhachtach a atreorú.

Tabharfar aghaidh amach anseo ar na dúshláin agus na deiseanna ar fad atá os comhair IIÉ i gcomhthéacs Ghníomhaíocht Stáit atá nua-aimseartha, éifeachtúil, oscailte, trédhearcach agus cuntasach. Tá tiomantas daingean ag IIÉ don fhéinmheasúnú agus don fheabhasúchán, a ghabhann le prionsabail an Athchóirithe Seirbhíse Poiblí.



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn

Ardchuspóir 1 - Éisc



Cinntiú go ndéantar pobail éisc na hÉireann a bhainistiú agus a chosaint le deimhniú go bhfanann a stádas caomhantais dearfach. Go mbeidh na pobail sin mar bhunús chun táirge áineasa slatiascaireachta den chéad scoth a sholáthar, agus go mbaintear leas as gnáthóga uisce gan mhilleadh le haghaidh ghníomhaíochtaí áineasa eile.

Tá suíomh bithgheografach ar leith ag Éirinn mar náisiúin oileánda ar ghualainn Iar-Thuaiscirt na hEorpa. Dá bharr an tsuímh gheografach seo, tá sé measartha gann i speicis, le 13 speiceas iasc fionnuisce dúchasacha agus 15 speiceas neamhdhúchasacha eile. Chomh maith leis seo, tá flúirse lochanna agus aibhneacha scaipthe ar fud na tíre; Tá beagnach 2.5% de mhórchríoch na hÉireann clúdaithe le huisce. Is cuid thábhachtach de chultúr agus oidhreacht na hÉireann éisc agus iascaigh.

Is é IIÉ caomhnóir an acmhainn thábhachtach seo do mhuintir na hÉireann agus is é cuspóir na heagraíochta le haghaidh saolré an phlean seo ná a chinntiú go ndéantar stoc éisc a chosaint agus a chaomhnú. Ó thaobh IIÉ de, tá brí níos leithne ag 'cosaint' ná cosaint ón iascaireacht neamhdhleathach nó ón bpóitseáil. Cuimsíonn an téarma cosaint aon bhagairt ar phríomhchuspóir na heagraíochta: caomhnú agus feabhasúchán stádais chaomhantais stoc éisc. Is ionann caomhnú agus tuiscint soiléir a bheith againn ar phobail éisc, an áit a bhfuil siad lonnaithe agus conas a bhfuil ag éirí leo. Mura dtuigeann tú cad é atá faoi do chúram nó cá bhfuil sé le fáil, beidh sé deacair ort é a chaomhnú agus a chosaint. I saol an lae inniu, is ionann caomhnú agus tuiscint a bheith agat ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide ar phobail éisc agus cibé an bhféadfadh staid na bpobal seo feidhmiú mar tháscairí d'athruithe níos ginearálta sa timpeallacht nó nach bhféadfadh.

Ar a bharr seo, is cuid thábhachtach iad éisc de bhitheagsúlacht nádúrtha na tíre agus is tomhas maith iad sláinte stoc éisc ar shláinte na timpeallachta go ginearálta. Tagann cuid shuntasach d'Olltáirgeacht Intíre (OTI) na hÉireann, timpeall €3.5 billiún, ón turasóireacht. Cothaíonn turasóireacht 170,000 post ar fud na tíre. Is cuid de ghné uathúil dhíolacháin ghinearálta ná hÉireann mar cheann scríbe do thurasóirí a huiscí úrnua agus a stoc éisc sláintiúla agus tá gaol díreach idir chosaint na hacmhainne agus fás leanúnach earnáil na turasóireachta sa tír seo. I dtuarascáil a d'fhoilsigh Cónaidhm Thionscail Turasóireachta na hÉireann, dar teideal 'Protecting the Irish Environmental Landscape: A Critical Issue for Irish Tourism' déantar an gaol seo a shainiú. Chomh maith leis seo, tá réimse oibleagáidí ar Éirinn faoi roinnt Treoracha ón AE, amhail an Treoir um Ghnáthóga, an Treoir Réime Uisce (WFD), na rialacháin Eascann agus comhaontuithe eile ar nós an Coinbhinsiúin maidir le Bithéagsúlacht (CBD). Leagan cuid de na Treoracha agus na comhaontuithe seo amach spriocanna saintreoracha ar an dóigh a ba cheart dúinn ár bpobail éisc a bhainistiú (rialacháin eascann). I gcásanna eile, sainiúitear cláranna a chabhróidh le stádas speiceas agus pobal áirithe éisc a fheabhsú, amhail na gníomhaíochtaí a phléitear sa Phlean Náisiúnta um Bhitheagsúlacht a bheidh mar bhunús d'oibleagáid na hÉireann i leith an CBD. Bainfear amach an cuspóir seo tríd dhá phríomhstraitéis a chomhlíonadh.



Ardchuspóir 1 - Éisc

Cosaint

An chéad straitéis ná seirbhís cosanta iascaigh caighdeánaithe a chur i bhfeidhm a bhfuil cur chuige soiléir, comhordaithe aici agus a bhaineann úsáid as na dea-chleachtais idirnáisiúnta agus na teicneolaíochtaí is fearr dá bhfuil ann. Tabharfar faoin tionscadal seo mar pháirt de ról ginearálta an Stáit i gcur i bhfeidhm rialacha chomhshaoil. Deis é seo tuilleadh forbartha a dhéanamh ar shineirgí agus ar éifeachtúlachtaí córais atá ann cheana. Le linn saoil an phlean corparáideach seo, cuirfidh IIÉ béim ar úsáid theicneolaíochta TFC chun comhlíonadh seirbhísí cosanta a thacú agus a fheabhsú, agus chun tuairisciú torthaí a éascú.

Caomhnú

Le linn saoil an phlean, feabhsóidh IIÉ an tuiscint atá againn ar gach pobal éisc trí leas níos fearr a bhaint as na tacair sonraí atá againn cheana agus trí úsáid shamhaltú sonraí agus teicnící suirbhéireachta nua-aimseartha chun bearnaí eolais a líonadh. Is páirt an-tábhachtach den chaomhnú na geallsealbhoirí a chur ar an eolas, agus bainfidh IIÉ lánúsáid as na meáin chuí chun an fhoireann agus an pobal i gcoitinne a choinneáil suas chun dáta maidir le stádas stoc éisc. Ó thaobh bhailiúcháin agus taifeadadh sonraí de, tá sé ag éirí níos tábhachtaí ná riamh teagmháil rialta a dhéanamh le geallsealbhoirí trí mheán na gclár eolaíochta do shaoránaigh. Déanfaidh IIÉ taighde ar chonas na cláir sin a úsáid chun tuiscint an gnáthsaoirínach maidir le pobail éisc a fheabhsú. Is é an t-athrú aeráide ceann de na dúshláin is mó a d'fhéadfadh a bheith ann don timpeallacht go ginearálta, agus d'fhéadfaí go mbeadh tionchar aige ar phobail éisc agus a struchtúir go meán- agus go fadtéarmach. Tá an taighde ar an athrú aeráide bunaithe ar thuiscint a bheith againn ar na mionathruithe a tharlaíonn do dhinimic phobail agus d'athraitheacha comhshaoil thar tréimhse fhada ama. Leanfaidh IIÉ ar aghaidh ag úsáid a chuid taighde agus a chuid tacair sonraí féin chun aon athruithe a tharlaíonn i bpobail éisc de bharr an athraithe aeráide a thaifeadadh.

Beidh ról gníomhach ag IIÉ freisin i gcaomhnú stoc éisc atá i mbail trí úsáid a bhaint as an reachtaíocht chuí agus aon mheán eile chun caomhnú na bpobal seo a chinntiú. Beidh ról gníomhach agus toilteanach ag IIÉ freisin in gníomhachtaí a bhfuil mar aidhm acu dul i ngleic leis na bagairtí a bhaineann le speicis ionracha uisce, agus oibreoidh sé i ndlúthchomhar leis an údarás a bhfuil mar fhreagracht aige na speicis seo a bhainistiú: an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS).

Cumasóirí & Rioscaí

Is iad na cumasóirí is tábhachtaí chun a chinntiú go gcuirfidh na straitéisí seo i gcríoch ná go mbeadh a dhóthan maoinithe ann agus foireann sách mór ann len iad a chur i gcríoch. Ar an dóigh chéanna, is é an riosca is mó atá ann ná nach gcuirfí a dhóthan maoinithe ar fáil chun seirbhís éifeachtach a chinntiú agus freisin nach mbeidh reachtaíocht iascaigh sách oiriúnach ann. Nuair a áirítear an tionchar díobhálach a d'fhéadfadh a bheith ag speicis ionracha uisce, agus go deimhin ag speicis ionracha go ginearálta, ar an timpeallacht, caithfear a admháil go bhfuil baol ann go ndéanfaí damáiste tubaisteach agus fiú amháin doleigheasta don timpeallacht. Leagtar síos i Rialachán nua an AE maidir le cosc ar agus bainistiú thabhairt isteach agus scaipeadh speiceas ionracha (AE 1143/2014) na freagrachtaí dlíthiúla díreacha atá ann dá réir, agus léiríonn sé seo an gá atá ann le straitéis chomhordaithe faoi réir an údarais cuí a thionscain. Ba cheart go n-áireofaí sa chur chuige Rialtais iomlán seo, cé nach iad na heagraíochtaí seo amháin a bheadh i gceist, gníomhaireachtaí ar nós IIÉ, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Uiscebhealaí Éireann, an BSL, Údarás Áitiúla, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, chomh maith le cuid de na príomhRanna Rialtais.

Straitéis	Táscaire Feidhmíochta	Príomhrioscaí	Toradh	Daoine Freagracha
Seirbhís cosanta iascaigh caighdeánaithe a chur i bhfeidhm a bhfuil cur chuige soiléir, comhordaithe aici agus a bhaineann úsáid as na dea-chleachtais idirnáisiúnta agus na teicneolaíochtaí is fearr dá bhfuil ann.	<p>Méadú ar líon na n-ionchúiseamh agus na bhfíneálacha mar bhac níos éifeachtaí ar iascaireacht neamhdhleathach.</p> <p>Úsáid níos forleithne de TFC a úsáid i gcosaint iascaigh.</p> <p>Buan-Nósanna Imeachta Oibriochta (SOP) a chur i bhfeidhm do chosaint iascaigh chun seirbhís éifeachtach, seasta a chinntiú.</p> <p>Na 'hidirbhirt' chosanta ar fad a dhigitiú (m.sh. fíneálacha, urghabhálacha, imeachtaí dlí)</p> <p>Geallsealbhóirí a chur ar an eolas faoi chostas agus tionchar na hiascaireachta neamhdhleathach.</p> <p>Meabhráin tuisceana a chur i bhfeidhm le gníomhaireachtaí feidhmithe eile ar nós an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh (SFPa), an Garda, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil & an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.</p>	<p>Easpa maoinithe chun seirbhís iascaigh éifeachtach a sholáthar.</p> <p>Reachtaíocht mhíchuí chun seirbhís iascaigh nua-aimseartha a sholáthar.</p> <p>Éagumas próifíl aoise na foirne a ísliú.</p>	<p>Cosaint níos fearr den acmhainn iascaigh agus feabhas ar shásamh custaiméirí maidir leis seirbhísí cosanta a sholáthraíonn an IFI</p>	<p>Ceannasai, Bearta Feidhmiuchain</p> <p>Stiúrthóirí Ceantair Abhantraí</p>

Acmhainn Iascach Intire agus Slatiascaireachta Farraige na hÉireann



Ardchuspóir 1 - Éisc

Straitéis	Táscairí feidhmíochta	Príomhrioscaí	Toradh	Daoine freagracha
Tuiscint níos fearr ar stádas caomhantais pobal éisc, agus úsáid an t-eolas seo chun tacú le bainistiú iascaigh níos éifeachtaí.	<p>Oibleagáidí náisiúnta agus idimáisiúnta uile na hÉireann maidir le héisc a chomhlíonadh</p> <p>Tuilleadh úsáide a bhaint as samhailtú sonraí agus teicnící eile (eolaíocht shaoránaí) agus níos lú úsáide a bhaint as teicnící suirbhéireachta marfacha</p> <p>Cur le líon na bpáipéar eolaíochta agus le líon na sonraí a bhfuil rochtain orthu ar shuíomh gréasáin IIÉ</p> <p>Beartas IIÉ maidir le speicis ionracha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an bhfreagairt náisiúnta ilghníomhaireachta</p> <p>Athbhreithniú a dhéanamh ar na beartais bhainistíochta bradán atá ann faoi láthair chun go léireodh siad stádas reatha caomhantais an speicis</p> <p>Meabhráin tuisceana a fhorbairt i gcomhar le comhpháirtithe náisiúnta & idimáisiúnta eile</p>	<p>Easpa maoinithe chun bainistiú iascaigh éifeachtach a sholáthar</p> <p>Reachtaíocht mhíchuí chun bainistiú iascaigh nua-aimseartha a sholáthar</p>	<p>Go mbeadh fáil ar eolas ábhartha, suas chun dáta chun tacaíocht a thabhairt do chaomhnú, do bhainistiú iascaigh, do sholáthar chomhairle faoi bheartas, d'oibleagáidí náisiúnta agus idimáisiúnta tuairiscithe na hÉireann agus an Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta</p>	<p>Ceannasai, Taighde & Forbairt</p> <p>Ceannasai, Bearta Feidhmiuchain agus Stiúrthóirí Ceantair Abhantraí</p> <p>Ardoifigigh Taighde</p>

Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



Acmhainn lascach Intire agus Slatiascaireachta Farraige na hÉireann



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn

Ardchuspóir 2 - Gnáthóga



Gnáthóga éisc a fhorbairt agus a fheabhsú chun a chinntiú go gcothaítear agus go gcoinnítear slán na coinníollacha atá riachtanach le go mbeadh rath ar phobail éisc

Ní mhaireann éisc ina n-aonar, agus níor cheart iad a bhainistiú ina n-aonar ach oiread. Maireann siad san uisce agus is páirt é an dobharlach seo, cibé acu an abhainn, loch, canáil, nó imeallbhord é, d'éiceachóras nó de ghnáthóg éisc níos mó é. Bheadh sé seafóideach díriú isteach ar éisc amháin; teastaíonn an ghnáthóg ceart ó éisc, maidir le struchtúr fisiceach agus cáilíocht an uisce, le go mbeadh rath orthu: Tá dlúthcheangal idir an dá thoisc seo agus beidh líon an phobail éisc níos ísle ná an t-óptamam má tá easpa nó caighdeán laghdaithe ann i gceachtar den dá thoisc. Mar sin, d'fhéadfaí go mbeadh drochthionchar ar phobail éisc i ngnáthóg nuaghlán a bhfuil caighdeán íseal uisce inti nó a mhalairt. Ar a bharr sin, teastaíonn cineálacha gnáthóga éagsúla ó go leor speiceas éisc sna céimeanna éagsúla dá bhforbairt.

Tá flúirse gnáthóga fionnuisce agus gnáthóga cladaigh mara ag Éirinn, ach le himeacht ama tá éileamh níos mó ar an ngnáthóg seo, éileamh ar uisce, go príomha Ní hamháin go bhfuil uisce glan riachtanach le go mbeadh rath ar phobail éisc, ach tá uisce glan an-tábhachtach i ndul chun cinn gheilleagair na hÉireann. D'fhéadfadh tionchar, agus is cinnte go mbeidh tionchar leanúnach, ag athruithe aeráide agus athruithe i ndéimeagrafaic sochaí na hÉireann ar éileamh ar uisce sa tír seo, rud a d'fhéadfadh tionchar dá réir sin aige ar phobail éisc. Eascraíonn roinnt de na dúshláin is mó atá os comhair phobal éisc as córais uisce chathrach a bhfuil drochbhainistiú agus easpa cothabhála á dhéanamh orthu. Ónár bunaíodh Uisce Éireann, tharla athruithe bunúsacha sa bhealach ina mbainistíonn agus ina sholáthraíonn Éire uisce dá saoránaigh. Is dócha go mbeidh tionchar ag an infheistíocht chaipitiúil atá beartaithe ag Uisce Éireann a dhéanamh sna córais uisce chathrach ar roinnt pobal éisc. Tá dúshláin eile freisin a eascraíonn as an earnáil talamhaíochta agus beidh sé riachtanach na forbartha atá beartaithe san earnáil seo a mhonatóiriú ó thaobh na timpeallachta de. Ina theannta sin, d'fhéadfadh agus is cinnte go mbeidh ról tábhachtach ag na tacair sonraí fadtéarmacha atá á fhorbairt ag an IFI chun an t-athrú aeráide a thuiscint agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar phobail éisc.

D'fhéadfadh agus, go minic, bíonn tionchar ag cleachtais thalmhaíochta, forbairt infreastruchtúir shibhialta agus forbairt thionsclaíoch agus tithíochta ar ghnáthóga iascaigh fhisicigh. Is gá gnáthóga a chothabháil, a athchóiriú agus a fhorbairt chun barrfheabhas a chur ar na hiascaigh le haghaidh slatiascaireachta áineasa. Braitheann an méid athchóirithe agus cothabhála ar gá a dhéanamh ar iascach go mór ar an gcineál dobharlaigh atá i gceist agus ar an áit a bhfuil sé lonnaithe. Bíonn an méid is mó oibre le déanamh ar dhobharlaigh a ndearnadh mionathrú orthu agus iad siúd atá i limistéir uirbeacha. Ba cheart smaoineamh ar ghnáthóga iascaigh mar shócmhainní ar an dóigh céanna a smaoineann cuideachta phríobháideach ar a sócmhainní. Mura dhéantar seirbhís cheart ar an tsócmhainn nó mura chaomhnaítear í, ní fheidhmeoidh sí chomh maith agus a thig léi agus laghdóidh a luach. Ar an mbealach céanna, mura dhéantar seirbhís cheart ar ghnáthóg iascaigh nó mura chaomhnaítear í, laghdóidh líon na bpobal éisc inti agus beidh drochthionchar díreach aige seo ar stádas caomhantais ár stoc éisc agus ar an toradh póiteinsiúil atá le fáil as slatiascaireacht áineasa agus as an ngnó iascaireachta bradán. Tá ról díreach agus ról indíreach ag IIE i bhforbairt ghnáthóga iascaigh.

Acmhainn Iascach Intire agus Slatiascaireachta Farraige na hÉireann



Ardchuspóir 2 - Gnáthóga

Is trí na hoibreacha forbartha gnáthóga atá ar bun ag IIÉ agus na grúpaí deonacha a oibríonn i gcomhar le IIÉ a mbíonn ról díreach ag an eagraíocht. Is é cuspóir daingean na n-oibreacha seo gnáthóga iascaigh a chothabháil agus a fhorbairt chun barrfheabhas a chur ar phobail éisc ar mhaithe le slatiascaireacht áineasa agus leis an ngnó iascaireachta bradán a chur chun cinn. Is trí stádas IIÉ mar chomhairlí reachtúil do thionscadail fhorbartha, do phleananna agus do phróisis cheadúnaithe éagsúla a mbíonn ról indíreach ag an eagraíocht. Sa ról seo, tá deis ag IIÉ deathionchar a bheith aige ar obair fhorbartha atá ar bun ag dreamanna eile chun gnáthóga agus stoc éisc a fheabhsú. Bainfear amach an ardchuspóir seo trí na straitéis seo a leanas a chur i gcrích;

Caighdeán Uisce

Beidh ról gníomhach ag IIÉ i gcur i bhfeidhm na ngnéithe comhshaoil de na hachtanna maidir le hiascaigh, truailliú uisce agus achtanna ábhartha eile. Ag an am céanna, beidh an deis ag an eagraíocht soláthar chaighdeán uisce agus infreastruchtúr uisce níos fearr a chur chun cinn. Ina theannta sin, oibreoidh IIÉ le hearnálacha eile ar nós, ach gan a bheith teoranta dóibh, na hearnálacha foraoiseachta agus talamhaíochta chun drochthionchar poitéinsiúil ar chaighdeán uisce agus ar ghnáthóga iascaigh a laghdú nó a dhíbirt.

Gnáthóg Fisiceach

Beidh ról ceannaireachta ag IIÉ i gcur chun cinn bhainistíocht agus chothabhála ár ngnáthóga éisc chun feabhas a chur ar an stádas caomhantais agus ar na deiseanna slatiascaireachta áineasa atá ar fáil. Déanfar é seo trí tús áite a thabhairt d'obair atá i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíochta agus socheacnamaíoch is fearr dá bhfuil ann agus de réir na hacmhainní atá ar fáil. Chomh maith leis sin, déanfar próisis rialachais a sruthlíniú chun go mbeidh deis ag geallsealbhóirí eile páirt a bheith acu san obair sin freisin. Cuirfidh IIÉ béim ar an bhfoireann a oiliúint agus tacaíocht a thabhairt do na príomhpháirtithe atá i mbun oibreacha forbartha agus bainistíochta cois bruaigh, agus tabharfaidh sé cúnamh do gheallsealbhóirí atá ag déanamh iarratais ar chistiú. Sainaitníodh baint bacainne mar bhealach saor agus an-éifeachtach chun stádas dotharlach a fheabhsú faoin Treoir Réime Uisce, agus is féidir leis an ngníomh simplí seo roinnt stoc éisc a fheabhsú trí ghnáthóga nua a oscailt. Ar an dóigh seo, oibreoidh IIÉ i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha chun na bacainní is mó a bheidh chun tairbhe na n-iascach a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta.

Mar chuid dá ról indíreach i bhforbairt ghnáthóga iascaigh, is eagraíocht chumasúcháin a bheidh in IIÉ a dhéanfaidh gach iarracht dul i gcion ar thionscadail, ar phleananna agus ar fhorbairtí atá ar bun in earnálacha eile, chun sochair bhreise ó thaobh ghnáthóga iascaigh a fháil uathu. Beidh ról aige freisin mar chomhpháirtí i dtionscadail fhorbartha a bhfuil tairbhe stráitéiseach le baint astu.

Cumasóirí & Rioscaí

Is iad na príomhrioscaí atá ann do dhul chun cinn an chuspóra seo ná, ar thaobh amháin, nach n-éireoidh leis an eagraíocht cistiú leordóthanach a fháil chun an Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta a chur i bhfeidhm, cistiú a chuirfidh ar a cumas infheistíocht shuntasach a dhéanamh i bhforbairt ghnáthóga iascaigh agus, ar an taobh eile, má theipeann ar an eagraíocht úsáid éifeachtach a bhaint as TFC chun an próiseas iarratais ar dheontas a shruthlíniú. Ta Acht Iascaigh (Comhdhlúite) 1959 easnamhach maidir le cosaint ghnáthóga. Is beag nár chuir an reachtaíocht seo béim ach ar 'an t-iasc' amháin. Tá sé ríthábhachtach anois reachtaíocht iascaigh atá nua-aimseartha a chur ar fáil chun a chinntiú go mbeidh cosaint cheart ann d'éisc agus go gnáthóga araon.

Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



Straitéis	Táscairí Feidhmíochta	Príomhríoscaí	Toradh	Daoine Freagracha
Cuirfidh IIÉ na hAchtanna lascaigh agus Truaillithe Uisce i bhfeidhm agus cabhróidh sé le gníomhaireachtaí eile caighdeán uisce a fheabhsú.	<p>Acmhainní chomhshaoil inmheánacha IIÉ a atreorú chun ár ról san earnáil a threisiú a oiread agus is féidir</p> <p>Líon na n-ionchúiseamh comhshaoil a mhéadú</p> <p>Na príomhphróisis comhshaoil a shainaithint agus a dhigitiú</p>	Mura chuirtear Acht nua lascaigh ar fáil, beidh easpa cosanta ann d'éisc agus do ghnáthóga	Caighdeán uisce níos fearr agus comhlíonadh na reachtaíochta comhshaoil	<p>Ceannasai, Bearta Feidhmiuchain</p> <p>Stiúrthóirí Ceantair Abhantraí</p>



Ardchuspóir 2 - Gnáthóga

Straitéis	Táscairí feidhmíochta	Príomhrioscaí	Toradh	Daoine freagracha
Déanfaidh IIÉ bainistiú agus cothabháil ár ngnáthóga éisc a chur ar aghaidh chun stádas caomhantais a fheabhsú agus tuilleadh deiseanna le haghaidh slatiascaireachta áineasa a chur ar fáil.	<p>An Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta a mhaoiniú agus a chomhlíonadh</p> <p>Cistí eile a bhfuil fáil orthu mar an Ciste um Chaomhnú Brádán agus Ciste Iascaigh Lár na Tíre a fheabhsú</p> <p>Comhairle a thabhairt maidir le caomhnú agus athchóiriú abhann do réimse leathan gheallsealbhoirí</p> <p>Ciste inbhuanaithe d'fhorbairt iascaigh leanúnach a shainaitheint</p> <p>Na próisis forbartha iascaigh atá ann cheana laistigh d'IIÉ a athstruchtúrú chun a chinntiú gur eagraíocht chumasúcháin muid i gcónaí</p> <p>Buan-nósanna imeachta oibríochta a fhorbairt le haghaidh oibreacha forbartha agus na heochairphróisis a dhigitiú</p> <p>Measúnú riosca ar bhacainní náisiúnta a dhéanamh</p> <p>Meabhráin tuisceana a fhorbairt i gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus gníomhaireachtaí ábhartha eile</p>	Níl dóthain maoinithe ag an Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta	Feabhas ginearálta i gcaighdeán na ngnáthóga iascaigh agus i gcaighdeán stádais chaomhantais na bpobal éisc	<p>Ceannasai, Forbairt Gno</p> <p>Ceannasai, Bearta Feidhmiuchain</p> <p>Stiúrthóirí Ceantair Abhantraí</p>

Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



Acmhainn Iascach Intire agus Slatiascaireacht Farraige na hÉireann



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn

Ardchuspóir 3 - Geallsealbhóirí



Líon na slatiascairí a mhéadú agus a chinntiú go bhfuil riachtanais na bpríomhgeallsealbhóirí eile á chomhlíonadh ar dhóigh inbhuanaithe, soiléir ó thaobh an chaomhnaithe de.

Cruthaíonn an gnó slatiascaireachta áineasa fáiltas dearfach suntasach do gheilleagar na hÉireann. Is fiú timpeall €836 milliún í agus cruthaíonn sé breis agus 11,000 poist. Tagann sciar mór den airgead a shaothraítear, agus de na post a chothaítear, de bharr na slatiascaireachta áineasa ó phobail bheaga tuaithe, agus is sna pobail sin a fhanann an t-airgead agus is iadsan a bhaineann tairbhe as an bhfostaíocht. Tá pobal mór slatiascaireachta áineasa ag Éirinn, le beagnach 7.6% nó 273,000 duine (Ref: Suirbhé Millward Brown Omnibus a choimisiúnaigh an IFI i 2014/2015) den phobal ag glacadh páirt sa spórt in aon bhliain ar leith. D'ainneoin seo, tá roinnt laigí san earnáil, arbh iad na cinn is tábhachtaí ardú phróifíl aoise an phobail slatiascaireachta agus an teip atá ann líon suntasach slatiascairí óga a mhealladh chun an spóirt. Is é an cathrú agus an boga ar shiúl ó imeachtaí áineasa faoin tuath is cúis leis seo, b'fhéidir, chomh maith le hiomaíocht dhian le spóirt agus imeachtaí eile. Tá réimse leathan agus éagsúil geallsealbhóirí a bhfuil baint acu leis an earnáil iascaigh intíre agus slatiascaireachta farraige, rud a dhéanann go bhfuil meoin agus ionchais chasta ann maidir le slatiascaireacht. D'ainneoin na dtosca seo, tá go leor gnéithe dearfacha ag an earnáil: toilteanas daoine páirt a ghlacadh ann, gur spórt é ar féidir é a chleachtadh ag leibhéil éagsúla ábaltachta agus ag beagnach gach aois, agus go gcruthaíonn forbairt slatiascaireachta deiseanna suntasacha d'áiseanna áineasa tuaithe eile ar nós cosáin siúlóirí agus gormbhealaigh. Le cois an 7.6% den phobal atá gníomhach sa slatiascaireacht áineasa, tá grúpa níos mó de gheallsealbhóirí an IFI a bhaineann tairbhe as an acmhainn uisce ann féin - anseo a léirítear ról IIÉ mar mhaor chomhshaoil. Aithníonn IIÉ an ról atá aige mar chaomhnóir na hacmhainne uisce le haghaidh taitnimh an ghlúin seo agus ná glúnta atá le teacht.

Ó thaobh na turasóireachta slatiascaireachta de, is ceann scríbe amháin í Éire i measc réimse cinn scríbe eile atá in iomaíocht chun cuairteoirí a mhealladh. Mar sin, is gá dár ngné uathúil dhíolacháin agus dár dtairiscint luacha a bheith díreach ceart. Léiríonn staidéir éagsúla go bhfuil slatiascairí ón bpríomh-mhargadh slatiascaireachta atá againn, an RA, ann íogair ó thaobh phraghsanna de. Tá cuid de na tosca eachtracha a rialaíonn líon na gcuairteoirí a thagann go hÉireann nach bhfuil aon neart againn orthu. É sin ráite, de bharr tionchar laghdú an ráta CBL san earnáil fháilteachais go 9%, agus iomaíochas dearfach ó thaobh rátaí malairte airgeadra de, is ceann scríbe a bhfuil an-tóir air í Éire arís. Tá sé rithábachtach anois struchtúir a leagan síos a chinntiú go mbeidh tionchar an ardaithe ar líon na gcuairteoirí le feiceáil chomh maith san earnáil turasóireachta slatiascaireachta. Déanfar é seo tríd dul i ngleic leis na fadhbanna atá mar bhacainní do rochtain ar slatiascaireacht, agus, ag an am céanna, dul i ngleic le cúrsaí éilimh le cinntiú go mbeidh na táirgí agus na struchtúir slatiascaireachta atá ag teastáil uaidh slatiascairí le fáil in Éirinn. Tá réimse geallsealbhóirí earnála eile ag IIÉ freisin, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, iascairí tráchtála bradán, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus gníomhaireachtaí eile, a bhfuil leas acu ar fad sa spás comhshaoil atá faoi chúram IIÉ. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach teachtaireacht láidir, soiléir a thabhairt dóibh ionas gur féidir leis na geallsealbhóirí sin réimse leathan gníomhaíochtaí IIÉ a thuiscint agus meas a bheith acu air. Bainfear úsáid as na croístraitéisí a leanas chun an t-ardchuspóir seo a chur chun cinn.

Acmhainn Iascach Intíre agus Slatiascaireachta Farraige na hÉireann



Ardchuspóir 3 - Geallsealbhóirí

Forbairt Slatiascaireachta

Cuirfidh IIÉ leis an úsáid a bhaineann sé as sonraí sóisialta agus eacnamaíoch chun tosca a bhfuil tionchar acu ar rátaí rannpháirtíochta slatiascaireachta a thuiscint agus a fhreagairt. Ag baint úsáide as an eolas a fhaightear as anailís shocheacnamaíoch, oibreoidh IIÉ i gcomhar leis an earnáil slatiascaireachta chun daoine óga a spreagadh chun slatiascaireachta a chleachtadh agus chun an spóirt a dhéanamh níos ábhartha agus níos inrochtaine do gach éinne. Tacaíonn IIÉ le meon 'slatiascaireacht do gach éinne' trí chinntiú gur féidir le gach cuid den tsochaí páirt a ghlacadh sa slatiascaireacht áineasa. Cuirfidh IIÉ Éire chun cinn go gníomhach mar cheann scríbe do thurasóireacht slatiascaireachta agus déanfaidh sé a dícheall a chinntiú go bhfuil na táirgí slatiascaireachta atá ar fáil sa tír seo ag teacht le hionchais na gcúairteoirí. Chomh maith leis seo, oibreoidh IIÉ i gcomhar le grúpa agus le gníomhaireachtaí eile chun gairmiúlacht na hearnála a fheabhsú agus chun na struchtúir rialachais a leasú ionas go mbeidh siad ábhartha don chuid is mó de na rannpháirtithe agus go gcuirfidh siad ar chumas na hearnála a gcuid cuspóirí a chomhlíonadh.

Cumarsáid

Is páirt an-tábhachtach d'aon ghnó ná a bheith in ann cumarsáid shoiléir a dhéanamh lena gheallsealbhóirí. Forbróidh IIÉ straitéis cumarsáide chuimsitheach a dhéanfaidh na príomhghrúpaí gearrsealbhóra agus a riachtanais eolais a aithint. Cuirfidh an IFI lena oscailteach, trédhearcacht agus inrochtaineacht don chustaiméir trí cairt chustaiméara agus próiseas rannpháirtíochta le geallsealbhóirí níos fearr a fhorbairt.

Cumasóirí & Rioscaí

Is iad na cumasóirí is mó a bhaineann leis an gcuspóir seo ná go mbeadh cistiú leordhóthanach ag an Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta agus rialachas na hearnála slatiascaireachta áineasa a fheabhsú. Tá nasc idir an dá ghné seo agus beidh sé deacair ceann amháin a chomhlíonadh mar is ceart d'uireasa an ceann eile. Is é an riosca is mó atá ann ná go bhfanfaidh rudaí mar atá. Ní fhéadfar tabhairt faoi dhúshláin ar nós an méadú sa phróifíl aoise nó na hathruithe sa timpeallacht má leantar ar aghaidh ar an tseandóigh.

Straitéis	Táscairí Feidhmíochta	Príomhrioscaí	Toradh	Daoine Freagracha
An eamáil slatiascaireachta áineasa a fhorbairt chun go dtiocfaidh a oiread feabhais agus is féidir uirthi.	<p>An Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta a chistiú agus a chomhlíonadh</p> <p>Líon na slatiascairí áineasa a mhéadú</p> <p>Úsáid níos fearr a bhaint as sonraí socheacnamaíoch i gceapadh polasaí agus rialúcháin</p> <p>Straitéis mhargalocta don turasóireacht slatiascaireachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm</p> <p>Rialachas agus gairmiúlacht na hearnála a fheabhsú</p>	<p>Níl a dhóthan cistiú ag an Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta</p> <p>Neamhábaltacht rialachas na hearnála a fheabhsú</p> <p>Neamhábaltacht leas a bhaint as treochtaí turasóireachta atá ann faoi láthair agus cuspóirí na hearnála a chomhlíonadh</p>	<p>Méadú ar rannpháirtíocht sa slatiascaireacht áineasa arna tacú ag struchtúir rialachais soiléire don eamáil</p> <p>Líon na slatiascairí ar cuairt ó phríomh-mhargairí a mhéadú</p>	<p>Ceannasai, Forbairt Gno</p> <p>An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí</p>
Feasacht an phobail maidir leis na hearnálacha iascaigh intíre agus slatiascaireachta farraige a fheabhsú.	<p>Straitéis cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm</p> <p>Cairt chustaiméara agus próiseas rannpháirtíochta le geallsealbhóirí níos fearr a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm</p>	<p>Easpa maoinithe chun straitéis cumarsáide a chur i bhfeidhm go hiomlán</p>	<p>Feasacht ar fhadhbanna iascaigh a fheabhsú i measc grúpa níos leithne geallsealbhóirí</p>	<p>Ceannasai, Forbairt Gno</p>

Acmhainn Iascach Intíre agus Slatiascaireachta Farraige na hÉireann



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn

Ardchuspóir 4 - Ár nDaoine



Déanfaidh muid infheistíocht inár ndaoine chun barr feabhais oibríochta a chomhlíonadh agus le bheith mar cheann de na háiteanna oibre is fearr dá bhfuil ann

Is eagraíocht a chuireann béim ar dhaoine í IIÉ. Braitheann ár ndul chun cinn ar ár bhfoireann agus an tiomantas atá acu seirbhís iascaigh nua-aimseartha, éifeachtach éifeachtúil a sholáthar. I mbeagán focal, d'uireasa an tiomantais atá léirithe ag an bhfoireann, ní bheadh an earnáil iascaigh san áit ina bhfuil sí inniu. É sin ráite, tá níos lú fostaithe ag an eagraíocht ná mar a bhí riamh agus, sa lá atá inniu ann, cuirtear béim níos mó ná riamh ar thorthaí IIÉ. Chun an laghdú foirne seo a chur i gcomhthéacs, idir 2009 agus 2014 thit líon na bhfostaithe lán-aimseartha ó 440 go 298 duine. Tá gá ann le cultúr corparáideach IIÉ a chomhaontú chun a chinntiú go gcuirfí an sainordú dúshlánach atá againn le linn saol an phlean corparáideach seo i gcrích.

Tá dhá ghné ag baint leis an gculpóir seo: ceann amháin ná na struchtúir 'chrua' atá curtha i bhfeidhm chun barrfheabhas leanúnach a chur ar fheidhmíocht. Cé go bhfuil na gnéithe seo rithabhachtach maidir le cumarsáid, le haistriú faisnéise agus le hoibríocht éifeachtach laistigh den eagraíocht i gcoitinne, is beag an tionchar a bhíonn acu ar na gnéithe 'boga' a mbíonn tionchar acu ar chultúr eagraíochtúil. Is ionann na gnéithe 'boga' seo a bhfuil ról chomh tábhachtach acu i sainiú chultúir eagraíochtúil éifeachtach ná cumasú agus údarás a chruthú, ábaltacht ceannaireachta a mhéadú ag gach leibhéal den eagraíocht, fonn maidir le custaiméirí intreacha agus eachtracha a chothú, agus cumarsáid agus comhoibriú éifeachtach a mhéadú agus a fheabhsú. Is é meascán an dá sraith ghnéithe seo a chinnteoidh go mbeidh an eagraíocht ag feidhmiú chomh maith agus is féidir léi. Thar saol an phlean seo, déanfaidh IIÉ a dhícheall a bheith mar cheann de na háiteanna oibre is fearr dá bhfuil ann agus aitheantas a fháil mar eagraíocht atá faoi thionchar fheidhmiúcháin, eagraíocht a chomhlíonann a cuspóirí ar fad ar na caighdeáin is airde ar fad laistigh dá buiséad. Déanfar an cuspóir seo a chur i gcrích trí na croístraitéisí seo a leanas.

Ár nDaoine

Is é an neart is mó atá againn ná ár bhfoireann agus thar saol an phlean déanfaidh muid a gcomhoibriú agus a gcumas ceannaireachta a fhorbairt ar fud na heagraíochta, trí mheascán oiliúna foirmeálta agus clár forbartha pearsanta a chur ar fáil dóibh. Ag aithint thábhacht ár bhfoireann, leanfaidh muid leis an bpróiseas atá ar bun againn faoi láthair chun dea-fheidhmiúcháin a thacú - an clár bainistíochta agus forbartha feidhmiúcháin. Ina theannta sin, déanfaidh muid córas a thugann aitheantas foirmeálta d'éachtanna ar leith a fhorbairt. Chun a chinntiú go ndéantar eolas ábhartha a roinnt agus cuspóirí coitinne a shainaithint, déanfar straitéis cumarsáide inmheánach atá cuimsitheach a chur i bhfeidhm. Áireofar leis seo tuairisciú inmheánach ar an bplean gnó bliantúil agus polasaithe agus nósanna imeachta ar fad na heagraíochta a chomhdhlúthú ar bhunachar sonraí inmheánach a bhfuil teacht ar go héasca. Is cuid thábhachtach den phróiseas straitéiseach an planáil le haghaidh dúshlán an todhchaí; chun a chinntiú go mbeidh buntáiste againn na dúshlán seo a fhreagairt, cuirfidh muid i bhfeidhm plan comhleantach agus clár ghabhála eolais. Beidh IIÉ mar cheann de na háiteanna oibre is fearr dá bhfuil ann trí treoirlínte polasaí soiléire a tharraingt suas agus nósanna imeachta chun an fhoireann a chumasú a úsáid, agus trí thacaíocht a thabhairt do chruthú agus d'fhorbairt scileanna ceannaireachta ag gach leibhéal den eagraíocht.

Acmhainn Iascach Intire agus Slatiascaireachta Farraige na hÉireann



Ardchuspóir 4 - Ár nDaoine

Tá an tsábháilteacht ríthábhachtach d'IIE agus is é ár gcuspóir a bheith mar cheann de na háiteanna oibre is fearr dá bhfuil ann. Dá bhrí sin, cé go bhfuil TFC, córais agus próisis eile tábhachtach, ní dhéantar dearmad ar chinntiú go bhfuil cultúr sábháilteachta fite fuaite ar fud na heagraíochta. Is obair chontúirteach, faoi mar a thuigfeá, an obair a dhéanann ár bhfoireann agus tá baol ann fiú nuair atá an trealamh ceart agus an oiliúint ceart á úsáid. Cuirfidh muid leis na gnásanna sábháilteachta atá ann cheana agus déanfaidh muid forbairt orthu le linn saoil an phlean seo.

Ár gCórais

Chun taca a chur faoi fheidhmíocht na foirne, déanfaidh muid an t-infreastruchtúr TFC a fhorbairt agus a uasghrádú chun a chinntiú go n-éascaíonn ár gcórais comhoibriú, cumarsáid níos éifeachtaí agus go mbaintear an leas is fearr as na sonraí atá ag an eagraíocht faoi láthair. Déanfaidh muid ár ndícheall ár eochairphróisis a dhigitiú, ár stórais faisnéisiú a lárú, dúbláil a dhíothú agus bunachair sonraí a bhfuil teacht ag ár bhfoireann orthu go héasca a fhorbairt. Déanfar é seo fad a gcomhlíonann muid ár n-oibleagáidí reachtaíochta maidir le cosaint sonraí, saoráil faisnéise agus reachtaíocht ábhartha eile.

Cumasóirí & Rioscaí

Is é an cumasóir is mó don chuspóir seo ná tacú na foirne maidir le forbairt na ngnéithe 'crua' ar nós próisis TFC agus maidir le forbairt na ngnéithe 'boga' ar nós an cultúr eagraíochtúil a chomhaontú. Ceann de na rioscaí is mó a bhaineann leis an gcuspóir seo ná go ndéanfar tuilleadh gearradh ar bhuiséad IIE nó go mbeidh cosc ar earcú foirne. Sna cúinsí seo, beidh sé deacair ag an eagraíocht a fhuinneamh a dhíriú ar phríomhchuspóirí pleanáilte agus is bainistíocht géarchéime den chuid is mó a bheidh muid tógtha léi don chuid is mó. Ós rud é gur eagraíocht é IIE a chuireann béim ar dhaoine, rioscaí eile atá ann ná ardú phróifíl aoise ár bhfoireann agus, dá bharr sin, inábaltacht cuid den fhoireann príomhdhualgais feidhmíochta a chur i gcrích, chomh maith le caillteanas taithí corparáideach de bharr scoir.

Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



Acmhainn Iascach Intire agus Slatiascaireachta Farraige na hÉireann



Ardchuspóir 4 - Ár nDaoine

Straitéis	Táscairí Feidhmíochta	Príomhrioscaí	Toradh	Daoine Freagracha
Cabhrú leis an bhfoireann barr a gcumais a bhaint amach	<p>Ábaltacht cheannaireachta a fheabhsú ar fud na heagraíochta</p> <p>Bainistíocht feidhmiúcháin a fheabhsú ar fud na heagraíochta</p> <p>Pleananna gabhála eolais agus comhleantachta a chur i bhfeidhm</p> <p>Straitéis cumarsáide corparáideach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm</p> <p>Aitheantas foirmeálta d'éachtanna agus do dhaoine a bhfuil an-dul chun cinn déanta acu</p> <p>Infheistíocht in oiliúint, i dtrealamh cosanta pearsanta agus i dteicneolaíocht ábhartha chun a chinntiú go bhfuil an fhoireann breá ábalta an jab a dhéanamh</p>	<p>Laghduithe breise i líon na foirne</p> <p>Neamhábaltacht príomhdhualgais a chur i gcrích de bharr phróifíl aoise</p>	<p>Torthaí níos fearr a fháil do gheallsealbhoirí agus sásamh as post a fheabhsú d'fhostaithe</p>	<p>Príomhfheidhmeannach</p> <p>Ceannasai, Acmhainni Daonna</p> <p>Foireann Bainistíochta Sinsearaí</p>

Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn

Straitéis	Táscairí Feidhmíochta	Príomhrioscaí	Toradh	Daoine Freagracha
Córais agus próisis TFC a fhorbairt chun an méid is mó éifeachtachta agus an acmhainneacht eagraíochtúil a chumasú agus is féidir.	<p>Córas IT ar láthair amháin a bhunú le cúltacú dóthanach agus córas athshlánaithe cuí i bhfeidhm</p> <p>An 10 bpróiseas IIÉ is mó a bhfuil éileamh orthu a dhigitiú</p> <p>Córas stórála sonraí leictreonacha agus cartlannaithe láraithe a chur i bhfeidhm</p> <p>Tuilleadh úsáide a bhaint as TFC in oibríochtaí machaire</p> <p>Cumarsáid inmheánach a fheabhsú tríd an teicneolaíocht chuí a úsáid</p>	<p>Easpa maoinithe nó taithí chun príomhriachtanais TFC a chomhlíonadh</p> <p>Bagairtí ó ghníomhairí eachtracha ar nós haiceálaithe, víris, bogearraí mailíseacha a mbíonn tionchar acu ar chórais TFC</p>	Méaduithe tomhaiste in éifeachtúlacht oibríochta ar fud na heagraíochta	Ceannasaí Airgeadais TFC



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn

Ardchuspóir 5 - Bainistíocht Chorporáideach



Cuirfidh IIÉ chun cinn cultúr luach ar airgead agus déanfaidh sé meastóireacht leanúnach ar a fheidhmiúchán ar dhóigh intomhaiste, trédhearcach agus cuntasach.

Ceann de na gnéithe dearfach a d'eascairigh ón tréimhse cúlaithe eacnamaíochta a bhí againn le déanaí ná gur cuireadh béim ar athchóiriú, ar rudaí a dhéanamh ar dhóigh éagsúil. Is í an rannóg athchóirithe den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a bhí taobh thiar do chuid mhaith den obair seo. Rinneadh roinnt pleananna agus straitéisí a cheapadh, ar nós an Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Phoiblí, Straitéis TFC na Seirbhíse Phoiblí, an Fhís don Athrú sa Státseirbhís agus an creat cuntasachta a sainathnódh ansin. Chomh maith leis sin, bunaíodh an Oifig um Soláthar Phoiblí agus, leis an mbéim ar sheachadadh seirbhísí eachtracha agus oiliúint na seirbhíse poiblí sinsearaí, tiocfaidh feabhas ar fheidhmiúchán ginearálta na seirbhíse poiblí. Ceann de na tomhais is tábhachtaí a bheidh ag IIÉ ná na torthaí a gheobhaidh an eanáil a chur i gcomparáid leis na hionchuir choibhneasta. Tá an cuspóir seo mar an gcéanna le cuspóir bainistíochta corporáideach Ráiteas Straitéiseach ár máthair-Roinn toisc go mbaineann an ráiteas chomh mór linne, mar eintiteas sochar poiblí, ná mar a bhaineann sé leis an Roinn féin.

Cumasóirí & Rioscaí

An cumasóir is mó atá ann don chuspóir seo ná cultúr eagraíochtúil feabhsaithe a dhaingniú go docht san eagraíocht, cultúr a chuireann béim ar luach ar airgead agus seirbhís den scoth a chur ar fáil don chustaiméir. An riosca is mó atá ann don chuspóir ná tuilleadh chiorraithe sa bhfoireann agus sa bhuiséad, rud a chuirfeadh constaic suntasach i mbealach ár n-iarrachtaí na riachtanais rialachais ar fad a chomhlíonadh. Ina theannta sin, mura gcuirtear reachtaíocht iascaigh nua-aimseartha i bhfeidhm, cuirfear bac ar rath an bhirt seo.



Ardchuspóir 5 - Bainistíocht Chorparáideach

Straitéis	Táscairí Feidhmíochta	Príomhrioscaí	Toradh	Daoine Freagracha
An Cur Chuige Athchóirithe don tSeirbhís Phoiblí a chur i bhfeidhm agus leanúint ar aghaidh ag tacú leis an bhfoireann agus iad a fhorbairt	Feidhmiúchán a chur i gcomparáid le spriocanna intomhaiste mar a leagtar amach iad sa Chomhaontú Seirbhíse lenár máthair-Roinn Comhlíonadh an leithdháilte stáitchiste	Tuilleadh laghdaithe sa bhfoireann agus sa bhuiséad	Leanann IIE ar aghaidh ag comhlíonadh tosaíochtaí gnó le hacmhainní leordhóthanach	Príomhfheidhmeannach Foireann Bainistíochta Sinsearaí
Buiséad IIE a bhainistiú agus nósanna imeachta airgeadais a chomhlíonadh go hiomlán, agus cinnteoireacht ghnó a dhéanamh le cabhair eolais airgeadais ábharach.	Dhá iniúchóireacht inmheánach a dhéanamh in aghaidh na bliana Cloí le treoirlinne caiteachais na Roinne	Droch-rialuithe airgeadais a bhfuil róchaiteachas, calaois nó mí-úsáid sócmhainní mar thoradh orthu	Comhlíonadh iomlán leis na nósanna imeachta airgeadais ar fad agus leis an bplean iniúchóireachta a chomhaontóidh an Coiste Iniúchóireachta agus ama fhormheas ag an mBord	Ceannasaí Airgeadais/TFC
Leanúint ar aghaidh leis an gclár laghdaithe costais i ngach cuid den ghnó agus anailís luacha ar airgead a dhéanamh i gcoda den ghnó a d'fhéadfadh a bheith níos éifeachtúlaí.	Coigiltis fhollasacha thar saol an phlean corparáideach Deireadh a chur le neamh bhun-ghníomhaíochtaí nach bhfuil ag cur luacha le hoibríochtaí straitéiseacha IIE	Easpa eolais chruinn chun cinnteoireacht chuí a dhéanamh Mishásamh gheallsealbhoirí le hathruithe i soláthar seirbhísí	Athbheithniú ar na spreagthaí costais ar fad chun neamh-bhun chodanna de ghnó a atreorú	Príomhfheidhmeannach Ceannasaí Airgeadais/ Foireann Bainistíochta Sinsearaí

Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



Straitéis	Táscairí Feidhmithe	Príomhríoscaí	Toradh	Daoine Freagracha
Ídiú fuinnimh na heagraíochta a laghdú de réir na spriocanna seirbhíse poiblí	Ídiú fuinnimh na heagraíochta a laghdú 20% faoi 2020	Easpa maoinithe chun áiseanna a uasghrádú	Comhlíonadh leis an riachtanas tuarascáil bhliantúil a tharraing suas agus leis an gclár bainistíochta don tseirbhís phoiblí	Priomhfheidhmeannach Foireann Bainistíochta Sinsearaí
Cloí leis na forálacha ar fad a leagtar síos sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú	Torthaí dearfacha a fháil in aon iniúchadh a dhéantar Líon na gcás neamhchomhlíonta le riachtanais tuairiscithe		Comhlíonadh na riachtanas tuairiscithe arna sainiú sa Chód Cleachtais chun Údarais Stáit a Rialú Cuirtear cleachtais rialaithe chorporáideacha i bhfeidhm	Priomhfheidhmeannach Foireann Bainistíochta Sinsearaí Oifigeach Rialachais Chorporáidigh